An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Comhairliúchán Poiblí ar an dréacht den Séú Clár Gníomhaíochta um Níotráití

(Ráiteas Príobháideachais)

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiceach agus spásúil, as rialtas áitiúil, as Oidhreacht agus as réamhaisnéisiú na haimsire.

Tá an Roinn tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus meas a léiriú air. Míníonn an Ráiteas Príobháideachais seo conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil dó i leith an chomhairliúcháin phoiblí ar an dréacht den Séú Clár Gníomhaíochta um Níotráití; conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus cad iad na cearta a fhéadfaidh tú a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

Cén fáth a ndéanaimid do shonraí a phróiseáil

Úsáidfidh an Roinn do shonraí chun ábhar agus fócas an Séú Clár Gníomhaíochta um Níotráití a mhúnlú. Ní phróiseálfaidh an Roinn do shonraí pearsanta chun críoch ar bith ach amháin chun na críche lenar bailíodh iad.

Próifíliú

Ní úsáidfidh an Roinn aon sonraí pearsanta a bhailítear uait i ndáil leis an gComhairliúchán Poiblí ar an dréacht den Séú Clár Gníomhaíochta um Níotráití chun críocha cinnteoireachta uathoibrithe, ná chun críocha próifílithe.

Dlíthiúlacht na próiseála

Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6 (1) (e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ina ndéantar foráil go bhfuil próiseáil riachtanach chun tasc a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir,

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as beartas cáilíochta uisce, sa chás seo.

Slándáil do shonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla oiriúnacha i bhfeidhm chun d'fhaisnéis a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. In ainneoin na n-iarrachtaí sin, áfach, ní bhíonn aon bheart slándála gan locht ná dothreáite, agus ní féidir aon mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne idircheapadh ar bith nó mí-úsáid de chineál eile. Sa chás go gcuirtear do chuid sonraí pearsanta i gcontúirt mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáruithe na Roinne chun feidhme.

Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bailíodh i ndáil leis an gcomhairliúchán poiblí ar an dréacht den Séú Clár Gníomhaíochta um Níotráití chuig aon tír ná eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí?

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach amháin chomh fada agus is gá chun na gcríoch dár bailíodh iad agus dár próiseáladh iad. I gcomhréir le ceanglais reachtúla agus gnó, is é an tréimhse coinneála sonraí do do shonraí pearsanta, sa chás sin, ná ocht mbliana.

Do chearta

Tá **Beartas Cosanta Sonraí** na Roinne**,** ina leagtar amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta, mar aon le faisnéis maidir le do chearta mar dhuine is ábhar do na sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir leis an gceart rochtana, an ceart go ndéanfaí ceartúchán, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil, an ceart chun agóid a dhéanamh), le fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá cóip chrua den bheartas ar fáil freisin ach í a iarraidh.

Má mheasann tú go bhfuil sárú déanta ar do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann (www.dataprotection.ie), agus tá sé de cheart agat réiteach breithiúnach a lorg.

Sonraí Teagmhála

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, nó más mian leat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, déan teagmháil le do thoil le **hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne,** sonraí thíos:

Oifigeach Cosanta Sonraí,
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Bóthar an Bhaile Nua,
Loch Garman
Y35 AP90
Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie
Teileafón: 053 9117450